# FORÁLACHA MAIDIR LE TRÁCHT AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá bunú limistéir Eorpaigh sábháilteachta ar bhóithre ar cheann de chuspóirí seanbhunaithe an Aontais ó 2010 i leith. Cé go bhfuil sé de chumhacht ag gach Ballstát a chinntí féin a dhéanamh maidir le gnéithe áirithe d'fhorálacha maidir le trácht agus sábháilteacht ar bhóithre, déanann AE obair sa réimse sin freisin agus tá a bhearta á ndíriú aige ar dhálaí feithiclí, ar iompar earraí contúirteacha agus ar shábháilteacht ar bhóithre i gcoitinne.

## AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Is é Teideal VI de Chonradh Liospóin, agus go háirithe Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), an bunús dlí chun an limistéar sábháilteachta ar bhóithre sin a chruthú, a bhfuil sé d'aidhm aige an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus cur le soghluaisteacht inbhuanaithe. I mí na Bealtaine 2018, d'eisigh an Coimisiún plean gníomhaíochta straitéiseach maidir le sábháilteacht ar bhóithre inar iarr sé cur chuige nua chun cur i gcoinne na treochta marbhánta sna figiúirí maidir le sábháilteacht ar bhóithre san Aontas agus chun bogadh níos gaire don sprioc fhadtéarmach gan aon bhás ar bhóithre ar fud an Aontais faoi 2050 ('Fís Nialais').

### A bhfuil bainte amach

**A.** Ginearálta

Mar thoradh ar iarrachtaí an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre, tháinig laghdú ar líon na mbásanna ar bhóithre ó 51 400 in 2001 go 19 800 in 2021 agus baineadh amach sprioc an Aontais laghdú 75 % a bhaint amach, geall leis, idir 2001 agus 2020. Mar sin féin, tháinig maolú ar an treocht a bhí geallta maidir le líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú faoina leath le linn na chéad 10 mbliana. Thairis sin, in 2021 tháinig méadú 6 % ar líon na ndaoine a maraíodh i dtionóiscí tráchta ar bhóithre san Aontas i gcomparáid le 2020. D'iarr an staid go gcuirfí dlús nua leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le sábháilteacht ar bhóithre. I ndearbhú Vaileite 2017, d'iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) ar an gCoimisiún tionscnaimh pholaitiúla a dhéanamh do na 10 mbliana idir 2020 agus 2030 d'fhonn líon na mbásanna a laghdú agus feabhas a chur ar chosaint na n-úsáideoirí bóithre, go háirithe na daoine is leochailí ina measc (rothaithe agus coisithe), arb iad na daoine is líonmhaire a mharaítear ar na bóithre iad. Ina straitéis um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste in 2020, dheimhnigh an Coimisiún an sprioc nach mbeidh bás ar bith ann faoi 2050 (an cuspóir 'Fís Nialais').

I mí na Bealtaine 2018, mar chuid den tríú pacáiste soghluaisteachta, d'fhoilsigh an Coimisiún an achoimre ar chreat beartais um shábháilteacht ar bhóithre 2021-2030 (SWD(2019)0283).

Thairis sin, mar chuid de straitéis 2020 um an tsoghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe, d'fhógair an Coimisiún roinnt tionscnamh chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. I measc na dtionscnamh eile chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre, tá treoir nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le saincheisteanna amhail na huasleibhéil le haghaidh tiúchan alcóil san fhuil a cheadaítear do thiománaithe mótarfheithiclí agus maidir le húsáid córas comhghlasála i gcás meisce; meastóireacht ar an ngá atá le rialacha a mholadh maidir le hiniúchadh, cigireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht bonneagair do dhroichid nó do bhonneagar íogair eile (2023); an creat dlíthiúil eCall a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua teileachumarsáide; agus d'fhéadfaí cur le eCall chun go gcumhdófaí leis dé-rothaigh chumhachtaithe, trucailí, busanna agus tarracóirí talmhaíochta. I mí an Mhárta 2023, ghlac an Coimisiún pacáiste maidir le sábháilteacht ar bhóithre ina raibh trí phíosa reachtaíochta idirspleácha: an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána (2023/0053(COD)), an éifeacht uile-Aontais a bhaineann le dícháiliúcháin tiomána (2023/0055(COD)), agus malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (2023/0052(COD)). Is é aidhm fhoriomlán an phacáiste sin saorghluaiseacht daoine a éascú, an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre, ullmhú d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus fís an Aontais a bhaint amach nach marófar aon duine ar bhóithre an Aontais faoi 2050.

**B.** Riocht teicniúil feithiclí

In 2014, ghlac an tAontas Eorpach pacáiste nua beart reachtach, dá ngairtear an 'pacáiste ródacmhainneachta'. Tá an pacáiste ródacmhainneachta comhdhéanta de thrí Threoir, is iad sin Treoir 2014/45/AE maidir le tástálacha ródacmhainneachta tréimhsiúla, Treoir 2014/47/AE maidir le cigireachtaí teicniúla cois bóthair ar fheithiclí tráchtála agus Treoir 2014/46/AE maidir le doiciméid chlárúcháin feithiclí. Déanfar athbhreithniú ar an bpacáiste ródacmhainneachta go luath amach anseo chun forbairtí maidir le gnéithe teicneolaíochta agus rialála a thabhairt cothrom le dáta.

Maidir le húsáid éigeantach criosanna sábhála i bhfeithiclí faoi bhun 3.5 tona, sonraítear i dTreoir 2003/20/CE an 8 Aibreán 2003 gurb éigeantach srianta leanaí agus criosanna sábhála a úsáid do gach duine a bhíonn ina shuí sna busanna agus sna cóistí sin ina bhfuil siad feistithe (agus díolúintí ann do sheirbhísí áitiúla iompair i limistéir uirbeacha).

Le Treoir 2002/85/CE an 5 Samhain 2002, leathnaíodh an ceanglas teorantóirí luais a úsáid chun gach feithicil earraí agus feithicil paisinéirí idir 3.5 tona agus 12 thona meáchan ina bhfuil níos mó ná ocht suíochán (gan an tiománaí san áireamh) a chumhdach.

Is é an reachtaíocht ábhartha maidir le córais sábháilteacha ghníomhacha ná Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair

('Rialachán Ginearálta Sábháilteachta'). Leis an rialachán seo, leagtar síos ceanglais áirithe maidir le cineálcheadú feithiclí, agus cineálcheadú córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh arna ndearadh agus arna dtógáil le haghaidh feithiclí, bonn agus córas faireacháin bhrú na mbonn, i ndáil lena dtréithe ginearálta agus lena sábháilteacht agus lena n-éifeachtúlacht.

Ar deireadh, feabhsaíodh sábháilteacht úsáideoirí bóithre tríd an 'caochspota' a laghdú. Leagadh síos sa Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí freisin ceanglais maidir le laghdú a dhéanamh ar an gcaochspota i scátháin chúlfhéachana i bhfeithiclí earraí troma nua atá á dtiomáint san Aontas, lena n-áirítear feithiclí atá cláraithe lasmuigh den Aontas. Le Treoir 2007/38/CE an 11 Iúil 2007, leagadh síos go raibh flíteanna leoraithe a bhí ann cheana le bheith feistithe le scátháin chúlfhéachana caochspota bhreise.

**C.** Iompar earraí contúirteacha

Le Treoir 2008/68/CE an 24 Meán Fómhair 2008, cuireadh córas coiteann ar bun trína gcumhdaítear gach gné d'iompar intíre earraí contúirteacha in AE, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus de bhóthar. Le Treoir 2012/45/AE ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2012, cuireadh é sin i gcomhréir leis an leagan is déanaí de Chomhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), a thugtar cothrom le dáta gach dhá bhliain. Rinneadh leasú ar ADR le déanaí le Cinneadh (AE) 2018/2018 ón gComhairle.

**D.** Córais chliste iompair (CCI) agus an tionscnamh eSafety

Tá sé mar aidhm le Treoir 2010/40/AE an 7 Iúil 2010 maidir le córais iompair chliste i réimse an iompair de bhóthar imlonnú comhordaithe agus comhsheasmhach seirbhísí idir-inoibritheacha córas iompair chliste in AE a áirithiú. I mí na Nollag 2021, ghlac an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2010/40/AE arb é is aidhm dó dlús a chur le húsáid córais iompair chliste agus é a chomhordú chun feabhas a chur, i measc nithe eile, ar shábháilteacht ar bhóithre trína áirithiú go ndéanfar córas iompair chliste a imscaradh ar bhealach níos comhtháite ar fud an Aontais. Tá an chaibidlíocht idirinstitiúideach tugtha i gcrích agus tá an Pharlaimint ag feitheamh ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

I ndiaidh Chinneadh Uimh. 585/2014/AE an 15 Bealtaine 2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himlonnú na seirbhíse idir-inoibrithí 'eCall' ar fud AE, bhí sé d'oibleagáid ar na Ballstáit bonneagar na bPointí Freagartha Glaonna Éigeandála (PSAP), atá riachtanach chun eCalls a láimhseáil, a chur ar bun faoin 1 Deireadh Fómhair 2017 ar a dhéanaí. Ghlac an Coimisiún Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1716 i mí an Mheithimh 2021 chun iniúchadh tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcóras eCall i bhfeithiclí áirithe.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún rialachán tarmligthe a ghlacadh chun na ceanglais a oiriúnú chun a áirithiú go mbeidh ionaid glaonna éigeandála in ann eCalls a fháil agus a phróiseáil ar líonraí 4G/5G.

I mí na Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún straitéis dar teideal I dtreo soghluaisteacht uathoibrithe: Straitéis AE maidir le soghluaisteacht na todhchaí. Agus an t-uathoibriú agus an nascacht ag dul i méid, rud a chuireann ar chumas feithiclí 'labhairt' lena

chéile, tá an tsoghluaisteacht ag trasnú teorainn nua digiteach agus a ardaíonn buarthaí sábháilteachta.

Leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí, bunaítear creat rialála le haghaidh ardchórais éigeantacha cúnaimh tiománaí chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus chun creat dlíthiúil a chruthú chun glacadh le feithiclí atá go hiomlán uathoibrithe agus gan tiománaí.

**E.** Sábháilteacht bonneagair bóithre

Le Treoir 2004/54/CE an 29 Aibreán 2004 leagadh síos ceanglais íosta sábháilteachta le haghaidh tolláin sa ghréasán bóithre tras-Eorpach. Sonraítear sa treoir gur cheart do gach tollán is faide ná 500 méadar, cibé acu i seirbhís, á thógail nó ag céim an deartha atá sé, a bheith faoi réir rialacha sábháilteachta comhchuibhithe. Is é is aidhm do Threoir 2008/96/CE an 19 Samhain 2008 maidir le bainistiú sábháilteachta ar bhonneagar bóithre ná a áirithiú go gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre san áireamh, trí mheasúnuithe tionchair, ag gach céim de bhóithre a thógáil, a oibriú, nó a athrú go substaintiúil. In 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra chun an treoir a leasú d’fhonn líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ghréasáin bhóithre AE a laghdú trí fheidhmíocht sábháilteachta an bhonneagair bóthair a fheabhsú. Foilsíodh an gníomh críochnaitheach san Iris Oifigiúil an 26 Samhain 2019 (Treoir (AE) 2019/1936).

I mí Eanáir 2023, bhunaigh an Coimisiún treoirlínte maidir leis an modheolaíocht chun sábháilteacht bonneagair bóithre a mheasúnú. Níl na treoirlínte sin ceangailteach ach tacaíonn siad leis na Ballstáit na measúnuithe a dhéanamh mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/1936.

**F.** Staidreamh maidir le tionóiscí a tharlaíonn mar gheall ar thiomáint faoi thionchar an óil agus a gcosc

Mar chuid de bheartas AE maidir le hiompraíocht tiomána a fheabhsú, ceanglaíonn an Coimisiún ar na Ballstáit tástáil randamach anála a dhéanamh agus leag sé síos uasleibhéil cheadaithe le haghaidh tiúchan alcóil san fhuil. D’fhonn sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, tá cód comhchuibhithe bunaithe ag an gCoimisiún lena rialaítear córais chomhghlasála i gcás meisce, agus tá an cód sin glactha ag roinnt Ballstát (féach Treoir (AE) 2015/653 an 24 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána).

In 2023, ghlac an Coimisiún togra chun Treoir 2022/2561 agus Rialachán 2018/1724 a leasú agus chun Treoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána a aisghairm agus é mar phríomhchuspóir aige sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Áirítear ar na bearta is tábhachtaí sa togra tréimhse phromhaidh 2 bhliain ar a laghad do thiománaithe nuacheadúnaithe agus riail neamhfhulaingthe maidir le tiomáint faoi thionchar an óil. Tá na comhreachtóirí ag obair ar an togra faoi láthair.

**G.** Forfheidhmiú trasteorann i dtaca le cionta tráchta bóthair

Rinneadh Treoir (AE) 2015/413 an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise maidir le cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1)(c) CFAE (Teideal VI, Iompar). Tá sé mar aidhm léi deireadh a chur leis an gceart chun anaithnideachta a bheith ag tiománaithe neamhchónaitheacha agus go bhféadfaí ionchúiseamh a thionscnamh i leith cionta

arna ndéanamh i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe. I mí an Mhárta 2023, ghlac an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/413 maidir le malartú trasteorann faisnéise chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh na treorach. Dírítear san athbhreithniú ar chead a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe rochtain a fháil ar chláir náisiúnta ceadúnas tiomána, agus ar ról na bpointí teagmhála náisiúnta seanbhunaithe a neartú chun comhar na n-údarás forfheidhmiúcháin a fheabhsú agus ciontóirí á n-imscrúdú acu.

Chomh maith leis sin, i mí an Mhárta 2023, mar chuid den Phacáiste um Shábháilteacht ar Bhóithre agus in éineacht leis an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána, ghlac an Coimisiún togra chun dícháiliú tiomána áirithe a dhéanamh éifeachtach ar fud an Aontais. Cuirtear creat i bhfeidhm leis na tograí lena lamháiltear do dhícháiliú tiomána ar fud an Aontais i gcásanna inar chuir Ballstát cosc ar thiománaí mar gheall ar chion tráchta a rinneadh ar a chríoch.

Le Treoir 2006/22/CE, leagtar amach creat le haghaidh córas rátála riosca náisiúnta. Ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/695 chun a áirithiú go n-úsáidfidh na Ballstáit foirmle choiteann agus rátáil riosca ghnóthais iompair de bhóthar an Aontais á ríomh acu.

Leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/403 ón gCoimisiún sáruithe tromchúiseacha a d'fhágfadh go gcaillfeadh oibreoirí iompair de bhóthar a ndea-cháil. Ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/694 i mí na Bealtaine 2022 chun a áirithiú go ndéanfadh na Ballstáit measúnú ar na sáruithe sin ar bhealach comhchuibhithe.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Mar cheann de na comhreachtóirí, bhí an Pharlaimint rannpháirteach i nglacadh na ngníomhartha reachtacha thuasluaite uile, nó tá sí rannpháirteach ann. Faoi láthair, tá an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ag obair ar an athbhreithniú atá beartaithe ar Threoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána, ar an togra le haghaidh treoir maidir leis an éifeacht uile-Aontais atá ag dícháiliú áirithe tiomána agus ar athbhreithniú Threoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Tá sé beartaithe ag an bParlaimint vóta a chaitheamh ar na trí chomhad sin le linn an téarma reachtaigh seo.

Tá an iliomad rún glactha ag an bParlaimint lena gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Mhol an Pharlaimint freisin sainmhíniú aonfhoirmeach a bheith ar théarmaí a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre chun taighde ar thionóiscí a fheabhsú trína áirithiú go bhfuil torthaí inchomparáide. Rinne an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN), i dteannta leis an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, tuarascáil féintionscnaimh a chur ar aghaidh dar teideal *Saving Lives: Boosting Car Safety in the EU* [Beatha daoine a shábháil: Sábháilteacht i gcarranna a chur chun cinn san Aontas Eorpach], a ndearna an Pharlaimint í a ghlacadh mar rún ina dhiaidh sin an 14 Samhain 2017. Bhí sí bunaithe ar an tuarascáil ón gCoimisiún (COM(2016)0787).

An 27 Feabhra 2017, rinne Coiste TRAN grinnscrúdú ar an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na treorach maidir le ródacmhainneacht (Treoir 2014/45/EU) agus maidir

le ródacmhainneacht mótarfheithiclí. An 20 Meitheamh 2017, phléigh sé an tuarascáil ón gCoimisiún (COM(2017)0099) ar chur i bhfeidhm Threoir 2000/30/CE maidir le cigireacht theicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a bhíonn ag gluaiseacht in AE (tréimhse tuairiscithe 2013-2014). Sa phlé i gCoiste TRAN, díríodh ar chalaois tacagraf agus ar ionramháil léamha an odaiméadair, mar go bhfuil riosca ollmhór ag baint leo siúd do shábháilteacht agus do chearta tomhaltóirí. Thug an Coimisiún le fios go raibh measúnú á dhéanamh aige ar na roghanna do chlárú odaiméadair, don dlí coiriúil agus do mhalartú trasteorann faisnéise. Idir an dá linn, an 31 Bealtaine 2018, ghlac an Pharlaimint tuarascáil tionscnaimh reachtach dar teideal Odometer manipulation in motor vehicles: revision of the EU legal framework [Ionramháil ar odaiméadar i mótarfheithiclí: athbhreithniú ar chreat dlíthiúil AE]. Rinne an roinn beartais ábhartha den Pharlaimint staidéar a choimisiúnú ar an ábhar céanna freisin, dar teideal Odometer Tampering – Measures to Prevent Manipulation [Crioscaíl odaiméadar - Bearta chun Ionramháil a Chosc], a foilsíodh i mí na Samhna 2017. Mar chuid dá chlár oibre reachtach 'An Eoraip ag Gluaiseacht', tá an Coimisiún ag iarraidh Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a leasú trí bhíthin an togra le haghaidh rialacháin uaidh (COM(2017)0277), an 31 Bealtaine 2017, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le híoscheanglais maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh i mí Aibreáin 2019 agus ghlac an Chomhairle an togra ar an dara léamh i mí Iúil 2020 (Rialachán (AE) 2020/1054). Tá an togra maidir leis an bPacáiste Ródacmhainneachta fós le foilsiú.

I rún a glacadh an 15 Eanáir 2019 maidir leis an tiomáint uathrialach i gcúrsaí iompair na hEorpa, rinne an Pharlaimint moltaí faoi cheist na bhfeithiclí nasctha agus uathoibrithe. Leag sí béim go háirithe ar an ngá atá le creataí rialála iomchuí chun oibriú sábháilte a chinntiú agus chun foráil do chóras soiléir lena rialaítear dliteanas.

Foilsíodh an dréacht-tuarascáil ó Choiste TRAN i mí an Mhárta 2021 dar teideal *EU Road Safety Policy Framework 2021-2030 – Recommendations on next steps towards 'Vision Zero'* [Creat Beartais AE um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 – Moltaí maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo na 'Físe Nialais'] agus ghlac an Pharlaimint í mar rún an 6 Deireadh Fómhair 2021.

I mí Aibreáin 2021, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an tuarascáil cur chun feidhme ar na gnéithe den Phacáiste Ródacmhainneachta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Tugann an Pharlaimint dá haire gur chuidigh an pacáiste le feabhas a chur ar cháilíocht na gcigireachtaí teicniúla tréimhsiúla, ar leibhéal cáilíochta na gcigirí, agus ar chomhordú agus caighdeáin na mBallstát maidir le cigireacht cois bóthair ar fheithiclí chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Ar an taobh eile, is oth leis na Feisirí go bhfuil roinnt forálacha neamhéigeantacha sa Phacáiste Ródacmhainneachta, agus leagann siad béim ar an ngá atá le hathbhreithniú chun na heasnaimh sa chur chun feidhme a shárú agus chun freagairt do na dúshláin amach anseo.

An 9 Bealtaine 2023, d'iarr an Pharlaimint ina rún maidir le Creat nua AE um an tSoghluaisteacht Uirbeach an creat a neartú chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre, ar inrochtaineacht agus ar shlándáil in AE, soghluaisteacht ghníomhach

a spreagadh agus béim a leagan ar a thábhachtaí atá nóid uirbeacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus aistrithe iompair uirbigh glasa agus digiteacha.

Davide Pernice
10/2023